COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# Iarratas Dochair Dhírigh ar Dhuaisbhannaí

**31 Iúil 2024 - Léigh na nótaí thall, le do thoil**

In order to purchase Prize Bonds by Direct Debit you must be an existing Ireland State Savings Customer with a Ireland State Savings Customer Number.
New customers should first complete the 'Ireland State Savings New Customer Application Form' available at Post Office or **StateSavings.ie**

## PAINÉAL A | SONRAÍ FAOI SHEALBHÓIR(Í) NA NDUAISBHANNAÍ - Tá na réimsí go léir atá marcáilte le * éigeantach

| | Painéal 1 An chéad sealbhóir ainmnithe | Painéal 2 An dara sealbhóir ainmnithe |
|---|---|---|
| Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN) | | |
| Uimhir Chuntais Duaisbhannaí | (8 Uimhriúil) (3 Alfa) | (8 Uimhriúil) (3 Alfa) |
| Teideal* | Uasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Mx ☐ | Uasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Mx ☐ |
| Céadainm(neacha)* | | |
| An Dara hAinm | | |
| Sloinne* | | |
| UPSP* | | |
| Dáta Breithe* | L L M M B B B B | L L M M B B B B |
| Seoladh líne 1* | | |
| Seoladh líne 2 | | |
| Cathair/Baile* | | |
| Contae* | | |
| Tír* | | |
| Éirchód | | |
| Uimhir Theileafóin Teagmhála | | |
| Seoladh ríomhphoist | | |

Seolfar gach comhfhreagras chuig an seoladh i bPainéal 1

## PAINÉAL B | FOINSE CISTÍ AGUS ROGHANNA ÍOCAÍOCHTA DUAISEANNA

Foinse na gCistí (cuir tic leis an rogha chuí thíos)*

Coigilteas Pearsanta ☐ Duaisbhannaí ☐ Cistí faighte le hOidhreacht ☐ Eile - Sonraigh le do thoil ☐

**Roghanna íocaíochta duaise** (Roghnaigh rogha amháin - A nó B)

**A) Ba mhaith liom/linn duaiseanna a thaisceadh chuig mo chuntas/ár gCuntas Bainc SEPA sonraithe thíos:** ☐

IBAN

"Aontaím/Aontaímid go gcuirfear aon duaiseanna amach anseo chun sochair don IBAN atá curtha ar fáil agus go bhfuil nótaí 4 & 5 thall maidir leis na doiciméid a theastaíonn agus maidir le coigilt agus athúsáid fhéideartha an IBAN ainmnithe léite agam/againn agus go dtuigim/tuigimid iad. Tá síniú GACH sealbhóir éigeantach agus ní mór do gach sealbhóir an dá dhearbhú a shíniú ar an bhfoirm seo."

Síniú an 1ú Sealbhóra Ainmnithe: Síniú

Síniú an 2ú Sealbhóir Ainmnithe: Síniú

**Nótaí:**

1. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil sé éigeantach cóip de cheanntásc ráitis bhainc a chur faoi iamh lena bhfíoraítear sealbhóir/sealbhóirí an chuntais agus IBAN mura bhfuil do shonraí IBAN curtha ar fáil agat do Choigilteas Stáit na hÉireann roimhe seo nó má d'athraigh tú cuntas bainc ó d'aisíocaíocht roimhe sin trí aistriú bainc.
2. Tabhair faoi deara go bhféadfaí an IBAN a sholáthraítear thuas do shealúchais Coigilteas Stáit na hÉireann ag custaiméirí comhlíontacha atá ann cheana a shábháil agus a úsáid le haghaidh gach íocaíocht de chuid Coigilteas Stáit na hÉireann amach anseo lena n-áirítear aisíocaíochtaí.

**B) Ba mhaith liom/linn go ndéanfar duaiseanna a athinfheistiú go huathoibríoch i nDuaisbhannaí.** ☐

## PAINÉAL C | SEICLIOSTA LE HAGHAIDH DOICIMÉIDÍ

Foirm Iarratais Dochair Dhírigh do Dhuaisbhannaí comhlánaithe (lena n-áirítear rannán Sainordú Dochair Dhírigh SEPA) ☐ | Cruthúnas ar IBAN ☐

## PAINÉAL D | DEARBHÚ AGUS SÍNIÚ

**Tá na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta reatha agus na Coinníollacha Sonracha lena n-áirítear úsáid UPSP léite agam/againn agus glacaimid leo.**

Sínigh an chuid seo den fhoirm agus cuir dáta léi. Síniú toilithe ó Thuismitheoir/Caomhnóir ainmnithe ag teastáil do Mhionaoiseach (faoi bhun 18 mbliana d'aois).

Síniú an 1ú Sealbhóra Ainmnithe: Síniú — Dáta: L L M M B B B B

Síniú an 2ú Sealbhóir Ainmnithe: Síniú — Dáta: L L M M B B B B

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra Ainmnithe: Síniú — Dáta: L L M M B B B B

## PAINÉAL E | SAINORDÚ DOCHAIR DHÍRIGH SEPA

Tagairt shainordaithe uathúil (oifig amháin): P Z B

Creditor identifier: I E 1 9 Z Z Z 3 0 0 6 8 1

Tríd an bhfoirm shainordaithe seo a shíniú, údaraíonn tú (A) GBCN agus/nó a ghníomhairí lena n-áirítear Cuideachta na nDuaisbhannaí, treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun do chuntas a chur chun dochair agus (B) do bhanc do chuntas a chur chun dochair de réir an treoir ó GBCN agus/nó a ghníomhairí lena n-áirítear Cuideachta na nDuaisbhannaí.

Mar chuid de do chearta, tá tú i dteideal aisíocaíocht a fháil ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Ní mór aisíocaíocht a éileamh laistigh de 8 seachtaine, ag tosú ón dáta a cuireadh do chuntas chun dochair.

Nóta: mínítear do chearta maidir leis an sainordú thuas i ráiteas gur féidir leat a fháil ó do bhanc.

**Comhlánaigh na réimsí seo a leanas atá marcáilte***

Ainm(neacha) Shealbhóir(í) an Chuntais Bhainc* (ainm ar chuntas an Fhéichiúnaí)

Seoladh Sealbhóir(í) an Chuntais Bhainc

Cathair & Éirchód

Tír*

Uimhir IBAN Sealbhóir(í) an Cuntais Bhainc*

Cód Aitheantóra Shealbhóir an Chuntais Bhainc - BIC/SWIFT*

Ainm an Chreidiúnaithe (seol ar ais chucu le do thoil)

**CUIDEACHTA NA NDUAISBHANNAÍ DAC, URLÁR 3B, ARD-OIFIG AN PHOIST, SRÁID UÍ CHONAILL ÍOCHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 1, ÉIRE, D01 F5P2**

**Cineál íocaíochta:**

Íocaíocht athfhillteach ☑

Síniú/Sínithe Shealbhóir(í) an Chuntais Bhainc* (sínitheoirí údaraithe ar chuntas bainc féichiúnaithe ar chlé): Síniú | Síniú

Dáta an tsínithe*: L L M M B B B B

**Ní mór cóip de ráiteas bainc a fhíoraíonn an cuntas ar a bhfuil na Dochair Dhírigh le tarraingt a chur leis an bhfoirm seo.**

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

## NÓTAÍ

**1. FIANAISE AR CHÉANNACHT & FAISNÉIS EILE**

1.1 Iarrtar ort d'aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) ó am go ham chun críocha:

(a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh);

(b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo; agus

(c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus aon treoir ghaolmhar arna heisiúint ag comhlachtaí rialála ábhartha, agus slándáil cuntas agus calaois a chosc.

1.2 Tig linn d'aitheantas a fhíorú:

(a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a thugann tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó

(b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuireann tú ar fáil, lena bhféadfaí doiciméid a áireamh mar do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhísí Poiblí agus/nó cáipéisíocht oifigiúil eile arna eisiúint chugat ag na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn Coimirce Sóisialaí).

1.3 Sa chás nár thug tú fianaise ar do chéannacht chun ár sástachta chun na gcríoch a leagtar amach i gcoinníoll 1.1, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go mbeidh fianaise ar do chéannacht fíoraithe chun ár sástachta.

1.4 Féadfaimid iarraidh ort freisin faisnéis áirithe eile a chur ar fáil dúinn maidir le do náisiúntacht, stádas fostaíochta, foinse cistí (m.sh. coigilteas nó ioncam) agus faisnéis eile chun críocha oibleagáidí reachtúla a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus aon treoir ghaolmhar arna heisiúint ag comhlachtaí rialála ábhartha.

1.5 Sa chás gur iarradh ort faisnéis a sholáthar de bhun choinníoll 1.4 agus nach ndearna tú amhlaidh cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun Táirge a cheannach go dtí go mbeidh an fhaisnéis a iarradh curtha ar fáil dúinn.

**2. SONRAÍ PEARSANTA**

2.1 Leagtar amach i choinníoll 2 (Sonraí Pearsanta) achoimre ar na sonraí pearsanta a fhéadfaimid a phróiseáil i ndáil leat i dtaca leis na Táirgí, mar aon le hachoimre ar do chearta cosanta sonraí. Tá cóip iomlán de Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit na hÉireann ar fáil ag statesavings.ie/help-support/help-articles/state-savings-dataprotection-statement. Más fearr leat cóip chrua a fháil de Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit na hÉireann, is féidir leat scríobh chugainn freisin chun cóip a iarraidh ag an Oifigeach Cosanta Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

2.2 Is é an GBCN Rialaitheoir (mar a shainítear é sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus chun na críche sin) le haghaidh na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is 'comhlacht sonraithe' atá san Aire Airgeadais agus sa GBCN chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an GBCN agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

2.3 Déanfaimid sonraí pearsanta a bhaineann leat a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i gcoinníoll 1 (Fianaise ar Chéannacht):

(a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú;

(b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus

(c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus aon treoir ghaolmhar arna heisiúint ag comhlachtaí rialála ábhartha, agus slándáil cuntais agus cosc calaoise.

2.4 Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na gcríoch a leagtar amach i 2.3.

2.5 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí atá ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche an Chomhaontaithe agus chun críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile a bhaineann le feidhmíocht an Chomhaontaithe nó aon ní eile a bhaineann leis go réasúnach.

2.6 Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit na hÉireann agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear faoi reachtaíocht a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc).

2.7 Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit na hÉireann. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

2.8 Faoi réir eisceachtaí áirithe i ngach cás, tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta agus cóip de do shonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, srian a chur le húsáid do shonraí pearsanta, do thoiliú a tharraingt siar maidir le próiseáil do shonraí pearsanta, sa chás ina mbímid ag brath ar do thoiliú chun é a phróiseáil, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2. Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh leis an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Féach dataprotection.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

**3. TEORAINNEACHA**

3.1 Díoltar Duaisbhannaí in aonaid de €6.25. Tá íosmhéid ceannacháin de €25 (4 aonad). Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir ceannach Duaisbhannaí a chlárú ná a chur isteach sa chrannchur seachtainiúil go dtí go mbeidh na ceanglais fíoraithe riachtanacha curtha i gcrích (nóta 1).

3.2 Is é €250,000 an uasteorainn sealúchais do Dhuaisbhannaí a cuireadh le Clár na nDuaisbhannaí i d'ainm ar an 1 Samhain 2015 nó dá éis.

3.3 Is é €500,000 an uasteorainn sealúchais do Dhuaisbhannaí a cuireadh le Clár na nDuaisbhannaí i gcomhainmneacha ar an 1 Samhain 2015 nó dá éis.

3.4 Chun uasteorainn sealúchais do Chomhshealbhóirí a ríomh i nDuaisbheannaí a cláraíodh as an nua ar an 1 Samhain 2015 nó dá éis, measfar an méid a shealbhaítear i gcomhpháirt a bheith faoi chomhúinéireacht ag gach Comhshealbhóir agus roinnfear é go cothrom idir gach ceann de na Comhshealbhóirí.

3.5 Ceadaítear d'aistrithe a eascraíonn as sealúchais le hoidhreacht dul thar an uasteorainn sealúchais ach tá gach aistriú eile faoi réir na huasteorann sealúchais.

3.6 Féadfaidh tú, laistigh de 30 lá ón dáta tarraingthe a ghnóthaíonn tú duais, do chuid Duaisbhannaí a athinfheistiú i nDuaisbhannaí nua. Tá Duaisbhannaí a athinfheistítear i nDuaisbhannaí díolmhaithe ón Uasteorainn Sealúchais. Féach freisin 3.7.

3.7 Chun críocha uasteorainn chomhiomlán aon duine aonair i nDuaisbhannaí a ríomh, cuirfear aon bhannaí a shealbhaítear de réir choinníollacha 3.5 agus/nó 3.6 le haon bhannaí a cheannaigh an duine sin ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh. Más é an toradh a bhíonn ar an ríomh seo ná go sroicheann nó go sáraíonn duine an uasteorainn sealúchais, ní chlárófar aon Duaisbhannaí eile don duine sin.

3.8 Sa chás go mbriseann tú Duaisbhannaí agus go n-úsáideann tú na fáltais chun Duaisbhannaí nua a cheannach beidh an ceannach nua seo faoi réir na dteorainneacha.

3.9 I gcás ina bhfaighfear iarratas chun Duaisbheannaí a cheannach a fhágfaidh go sáróidh aon pháirtí aonair san iarratas a uasteorainn, ní phróiseálfar an t-iarratas agus aisíocfar luach iomlán an iarratais.

**4. AISTRIÚ BAINC**

4.1 Seolfar an t-airgead chuig an IBAN a chuirtear ar fáil sa phainéal Treoracha um Aistriú Bainc ar an bhfoirm seo. D'fhéadfaí an IBAN a chuir tú ar fáil a shábháil le haghaidh íocaíochtaí a dhéanfar leat amach anseo i dtaca le Coigilteas Stáit na hÉireann. Ní mór don IBAN a chuirtear ar fáil a bheith in ainmneacha duine amháin ar a laghad de shealbhóirí cuntais de chuid Coigilteas Stáit na hÉireann. Má chuirtear IBAN ar fáil do chuntas bainc (a) nach bhfuil in ainm na sealbhóir cuntais ar fad de chuid Coigilteas Stáit na hÉireann nó (b) atá in ainmneacha tríú páirtithe sa bhreis ar shealbhóir(í) cuntais de chuid Coigilteas Stáit na hÉireann, tríd an bpainéal Treoracha um Aistriú Bainc a shíniú tá tú ag tabhairt cead an t-airgead a sheoladh chuig an IBAN seo. Ní bheidh GBCN ná gníomhairí GBCN faoi dhliteanas (i gconradh, i dtort nó ar shlí eile) as aon chaillteanas nó damáiste a fhulaingíonn tú sa chás go bhfuil an IBAN nó na sonraí cuntais a sholáthraíonn tú mícheart nó go soláthraítear iad trí dhearmad. Murar chuir tú do shonraí IBAN ar fáil do Choigilteas Stáit na hÉireann roimhe seo nó má d'athraigh tú cuntas bainc ó d'aisíocaíocht roimhe seo trí aistriú bainc, ní mór duit cóip de cheanntásc ráiteas bainc bunaidh (dar dáta laistigh de 12 mhí anuas) a chur faoi iamh lena bhfíoraítear an IBAN agus ainm an chuntais. Mura gcuirtear an cruthúnas riachtanach ar ráiteas bainc ar fáil, d'fhéadfadh sé go gcuirfí moill ar an bpróiseas íocaíochta.

**5 SLÁNAÍOCHT**

5.1 Tríd an bhfoirm seo a shíniú aontaíonn tú GBCN agus a ghníomhairí a shlánú, agus GBCN agus a ghníomhairí a choinneáil slánaithe ó agus i gcoinne aon imeachtaí, éileamh, caillteanas agus/nó damáiste a eascraíonn, a fhulaingíonn GBCN nó a ghníomhairí de bharr airgid a íoctar isteach i gcuntas arna ainmniú agat.

**NÓTAÍ EILE**

6 Cuireann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) 6 Dhuaisbhanna ar fáil thar ceann an Aire Airgeadais. Feidhmíonn Cuideachta na nDuaisbhannaí DAC mar ghníomhaire don GBCN in oibriú Scéim na nDuaisbhannaí.

7 Forchoimeádann GBCN agus a ghníomhaire Cuideachta na nDuaisbhannaí an ceart dá rogha féin chun aon iarratas ceannaigh a dhiúltú agus an méid ceannaigh a aisíoc le hiarratasóirí na nDuaisbhannaí.

8 Má tá Duaisbhannaí á gceannach agat in Oifig An Phoist tabharfar Admháil Ceannaigh duit. Seolfar an Deimhniú Duaisbhannaí féin chugat go díreach tríd an bpost chuig an Sealbhóir(í) Bannaí ainmnithe laistigh de 10 lá oibre ar an gcoinníoll go bhfuil na ceanglais fíoraithe riachtanacha curtha i gcrích (nóta 1).

9 Féadfar Duaisbhannaí a chlárú in ainm amháin nó dhá ainm i gcomhpháirt, ach ní féidir iad a chlárú i níos mó ná dhá ainm. Ná cuir isteach comhchoiteanna ar nós 'Teaghlach' srl. Ní mór duit a chinntiú go bhfuil Ainm(eacha) agus Seoltaí agus Dáta Breithe iomlán agat.

10 Má tá Duaisbhannaí á gceannach agat mar bhronntanas bain úsáid as an bhFoirm Iarratais Ceannaigh Bronntanais

11 Má tá Bannaí á gceannach agat i d'ainm féin, sínigh an fhoirm le do thoil. Le haghaidh comhcheannacháin teastaíonn an dá shíniú uainn.

12 Seolfar an Deimhniú Duaisbhannaí, ar a bhfuil Sraithuimhreacha na mbannaí, go díreach chuig an sealbhóir/na sealbhóirí cláraithe, agus ba cheart dóibh iad a choinneáil go sábháilte le haghaidh tagartha sa todhchaí. I gcás comhshealúchais, seolfar na Duaisbhannaí chuig an gcéad sealbhóir ainmnithe.

13 Is féidir Duaisbhannaí a shealbhú ar feadh tréimhse éiginnte, ach ní mór iad a choinneáil ar feadh 90 lá ar a laghad. Cuirtear buaiteoirí uile na nduaiseanna ar an eolas tríd an bpost ag a seoladh cláraithe reatha. Ní mór do Shealbhóir(í) Bannaí an Fhoirm um Athrú Seolta atá ar fáil ó www.statesavings.ie a chomhlánú

14 Is féidir an fhoirm cheannaigh seo atá comhlánaithe go hiomlán agus sínithe a thabhairt isteach leis an íocaíocht chuí chuig aon Oifig an Phoist. Glactar le ceannacháin le hairgead tirim, le Cárta Dochair, le seic (iníoctha le Coigilteas Stáit na hÉireann GBCN) nó trí dhochar díreach míosúil. De rogha air sin, is féidir leat d'iarratas agus d'íocaíocht a sheoladh tríd an bpost.

15 I gcás duais a bhuachan, cuirfear in iúl duit tríd an bpost. Is féidir leat do dhuais(eanna):

(a) a lóisteáil i do chuntas bainc.

(b) a athinfheistiú i nDuaisbhannaí. Cuirfear do Dhuaisbhannaí nua ar aghaidh tríd an bpost. Féach an fhoirm iarratais, cuid 4.

16 Déantar luach an duaischiste míosúil a athríomh ag tús gach míosa trí ráta athraitheach úis (1.00% faoi láthair) a chur i bhfeidhm ar luach na nDuaisbhannaí go léir a bhí amuigh ag deireadh na míosa roimhe sin. Ní íoctar aon ús le Sealbhóirí Bannaí. Ina áit sin íoctar an t-ús isteach sa duaischiste míosúil, le dáileadh ar bhuaiteoirí sa chrannchur seachtainiúil. Féadfaidh an GBCN líon agus luach na nduaiseanna a leasú ag am ar bith agus fógrófar aon athruithe ar struchtúr na rátaí nó na nduaiseanna sna príomh-nuachtáin laethúla agus ar www.StateSavings.ie.

17 Le haghaidh Dochair Dhírigh, comhlánaigh agus sínigh an fhoirm shainordaithe Dochair Dhírigh SEPA ag sonrú uimhir BIC agus IBAN an chuntais óna bhfuil na dochair le déanamh. Ba chóir sonraí faoi mhéid an dochair a iontráil ar chúl na foirme. Ní mór cóip de ráiteas bainc a fhíoraíonn an cuntas ar a bhfuil na Dochair Dhírigh le tarraingt a chur leis an bhfoirm. Cuirfear in iúl duit an uimhir thagartha uathúil agus an dáta tosaithe ar a gcuirfear tús leis na hasbhaintí míosúla athfhillteacha.

18 I gcás nach bhfaightear íocaíocht nó nach nglanfar í, cuirfear na bannaí ábhartha ar ceal agus ní fhabhrófar aon duaiseanna.

19 Níl na duaiseanna faoi réir cánach ach d'fhéadfadh dliteanais chánach eile a bheith agat ag brath ar do chúinsí sonracha (.i. bronntanais/oidhreacht). Dá bhrí sin, molaimid duit dul i gcomhairle le do chomhairleoir cánach.

**SONRAÍ TEAGMHÁLA LE HAGHAIDH COIGILTEAS STÁIT NA HÉIREANN – DUAISBHANNAÍ**

Teileafón: 0818 20 50 60 / 01 705 7200

Ríomhphost: PrizeBonds@StateSavings.ie

Suíomh Gréasáin: www.StateSavings.ie

Seol na foirmeacha iarratais chuig: Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

Le haghaidh aisíocaíochtaí, athrú seolta, éilimh duaise agus comhfhreagras ginearálta, seol chuig: **Coigilteas Stáit na hÉireann, SAORPHOST, Duaisbhannaí, Ionad FEXCO, Cill Orglan, Co. Chiarraí, V93 WN9T.**

**Seol an fhoirm seo ar ais chuig: Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2**

**Comhlánaigh na réimsí seo a leanas atá marcáilte***

Sealbhóir bannaí duaise(í) (1) Ainm (más difriúil Ó Shealbhóir/Sealbhóirí Bannaí duaise)

Sealbhóir bannaí duaise(í) (2) Ainm (más difriúil Ó Shealbhóir/Sealbhóirí Bannaí duaise)

Ainm Sealbhóir(í) Duaisbhannaí (1) (más difriúil é ó Shealbhóir/Sealbhóirí an Chuntais thall)

Ainm Sealbhóir(í) Duaisbhannaí (2) (más difriúil é ó Shealbhóir/Sealbhóirí an Chuntais thall)

Cathair & Éirchód

Cathair & Éirchód

Tír*

Tír*

Uimhir Chuntais Chustaiméara Duaisbhannaí

Luach na híocaíochta*

€ __ , ___ , ___ – __   MM YY (FIRST PAYMENT FROM)

Is é an t-uasmhéid dochair dhírigh ná €1,000.00.

D'fhéadfadh sé go ndiúltóidh Bainc/Cumainn Fhoirgníochta glacadh le treoracha chun Dochair Dhíreacha a íoc as cineálacha áirithe Cuntas

PTO le haghaidh Sonraí Dochair Dhírigh